Uimhir 9 *de* 2016

AN tACHT UM MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht
7. Ionstraimí reachtúla áirithe a chúlghairm
8. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme

AN SCEIDEAL

Cuid 1

Leasú ar Mhír 1A den Sceideal a Ghabhann leis an Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977

Cuid 2

Leasú ar Mhír 1B den Sceideal a Ghabhann leis an Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 (Uimh. 12)
Na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2015
Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 (Uimh. 41)

Uimhir 9 *de* 2016

AN tACHT UM MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú agus do leathnú an dlí a bhaineann le mí-úsáid drugaí áirithe atá contúirteach nó dochrach ar bhealaí eile a chosc agus chun na gcríoch sin do leasú an Achta um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 chun socrú a dhéanamh maidir le substaintí breise a rialú; do dhéanamh socrú breise maidir le feidhmeanna a bhaineann le ceadúnais a dheonú faoin Acht sin a aistriú ón Aire Sláinte chuig an Údarás Rialála Táirgí Sláinte; do chúlghairm ionstraimí reachtúla áirithe; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[27 *Iúil* 2016]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977.

Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht

2. Leasaítear alt 1 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

> "ciallaíonn 'cnáimhseach chláraithe' cnáimhseach a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta i rannán na gcnáimhseach de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach faoi Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011;",

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "altra chláraithe":

> "ciallaíonn 'altra chláraithe' altra a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta i rannán na n-altraí de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach faoi Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011;",

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "cleachtóir":

> "ciallaíonn 'cleachtóir' lia-chleachtóir cláraithe, fiaclóir cláraithe, tréidlia cláraithe, altra chláraithe agus cnáimhseach chláraithe;".

Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht

3. Leasaítear alt 5 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

"(f) faoi réir fho-alt (1A), ag rialáil eisiúint oideas do dhrugaí rialaithe agus soláthar drugaí rialaithe ar oideas—

(i) ag lia-chleachtóirí cláraithe, ag fiaclóirí cláraithe nó ag tréidlianna cláraithe,

(ii) ag altraí iomchuí, nó

(iii) ag cnáimhseacha iomchuí,",

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1A):

"(1A) Ní dhéanfaidh an tAire rialacháin faoi fho-alt (1)(f)(ii) nó (iii) mura deimhin leis an Aire, tar éis aird a thabhairt ar chineál agus cuspóir an druga rialaithe (lena n-áirítear aon éifeachtaí dochracha a d'fhéadfadh eascairt as a mhí-úsáid), go bhfuil sé réasúnta sábháilte a cheadú d'altraí iomchuí nó do chnáimhseacha iomchuí oidis a eisiúint i gcomhair an druga rialaithe sin.",

(c) i bhfo-alt (2)(a), trí "(seachas altra iomchuí nó cnáimhseach iomchuí)" a chur in ionad "(seachas altra chláraithe)",

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Faoi réir alt 13, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh faoin alt seo chun a áirithiú nach mbeidh sé neamhdhleathach faoin Acht seo do chleachtóir is altra iomchuí nó is cnáimhseach iomchuí, chun críche ghairm an chleachtóra mar altra iomchuí nó mar chnáimhseach iomchuí, druga rialaithe a oideasú, a fhriotháil nó a sholáthar, más deimhin leis an Aire, tar éis aird a thabhairt ar chineál agus cuspóir an druga rialaithe (lena n-áirítear aon éifeachtaí dochracha a d'fhéadfadh eascairt as a mhí-úsáid), go bhfuil sé réasúnta sábháilte a cheadú don chleachtóir, chun críche ghairm an chleachtóra mar altra iomchuí nó mar chnáimhseach iomchuí, an druga rialaithe sin a oideasú, a fhriotháil nó a sholáthar.",

agus

(e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(4) San alt seo—

ciallaíonn 'cnáimhseach iomchuí' cnáimhseach chláraithe nó aicme cnáimhseach cláraithe;

ciallaíonn 'altra iomchuí' altra chláraithe nó aicme altraí cláraithe.".

Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht

4. Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(b), trí "arna eisiúint ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte" a chur in ionad "arna eisiúint ag an Aire".

Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht

5. Leasaítear alt 21 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (6), trí "arna eisiúint faoi alt 14 ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte" a chur in ionad "arna eisiúint ag an Aire".

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

6. Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) i mír 1A, tríd an téacs a leagtar amach i *gCuid 1* den *Sceideal* a chur in ionad fhomhír (a) den mhír sin, agus

(b) i mír 1B, tríd an téacs a leagtar amach i *gCuid 2* den *Sceideal* a chur in ionad fhomhír (a) den mhír sin.

Ionstraimí reachtúla áirithe a chúlghairm

7. Cúlghairtear na hionstraimí reachtúla seo a leanas:

(a) na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Táillí Ceadúnais), 1979 (I.R. Uimh. 164 de 1979);

(b) na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Slánchoimeád), 1982 (I.R. Uimh. 321 de 1982);

(c) an tOrdú um Mí-Úsáid Drugaí (Díolúine),1988 (I.R. Uimh. 326 de 1988);

(d) na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí, 1988 (I.R. Uimh. 328 de 1988);

(e) an tOrdú um Mí-Úsáid Drugaí (Ainmniú), 1998 (I.R. Uimh. 69 de 1998);

(f) na Rialacháin um Mí-Úsáid Drugaí (Oideasú agus Soláthar Meatadóin a Mhaoirsiú), 1998 (I.R. Uimh. 225 de 1998).

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme

8. (1) Féadfar an tAcht um Mí-Úsáid Drugaí (Leasú), 2016 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2016 a ghairm de na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2015 agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Sláinte le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

AN SCEIDEAL

Alt 6

Cuid 1

LEASÚ AR MHÍR 1A DEN SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT UM MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ, 1977

"(a) *N*-(Adamantain-1-il)-1-(5-fluaraipeintil)-1*H*-iondasól-3-carbocsaimíd

Ailfeantainil

(3-Aimíni-2,2-démheitiolpróipil)-4-aimínibeansóáit

5-(2-Aimíneapróipil)iondóil

1-(1,3-Beinsidé-ocsail-5-il)-2-(1-piorólaidinil)-1-peantánón

N-(1-Beinsil-4-pipiridiol)próipiananailíd

2-(4-Brómai-2,5-démheatocsaifeinil)-*N*-[(2-meatocsaifeinil)meitil]eatanaimín

1-(4-Brómafúrai[2,3-*f*][1]beinseafúráin-8-il)própán-2-aimín

Carfantainil

Cátíonón

2-(4-Clórai-2,5-démheatocsaifeinil)-*N*-[(2-meatocsaifeinil)meitil]eatanaimín

1-Cioglaiheicsil-4-(1,2-défheinileitil)pipioraisín

3,4-Déchlórai-*N*-[[1-(démheitiolaimíni)cioglaiheicsil]meitil]beansaimíd

Déhidri-eatoirfín

[2,3-Déhidri-5-meitiol3-(4-morfóilinilmeitil)piorólai[1,2,3-*de*]-1,4-beansocsaisin-6-il]-1-naftailéinilmeatánón

Démheatacaon

3-Démheitilheiptil-11-hiodrocsaiheicsihidreacannaibionól

Eiticiclidín

Eitrioptaimín

1-(2-Fluaraifeinil)-2-meitiolaimíneaprópán-1-ón

1-(3-Fluaraifeinil)-2-meitiolaimíneaprópán-1-ón

1-(4-Fluaraifeinil)-2-meitiolaimíneaprópán-1-ón

9-(Hiodrocsaimeitil)-6,6-démheitil-3-(2-meitiolochtáin-2-il)-6a,7,10,10a-teitrihidribeansó[*c*]cróman-1-ól

Aicéatáit [9-Hiodrocsai-6-meitil-3-[5-feinilpeantáin-2-il]ocsa-5,6,6a,7,8,9,10,10a-ochtaihidrifeanantraidin-1-ile]

N-Hiodrocsai-teanamfataimín

2-(4-Iadai-2,5-démheatocsaifeinil)-*N*-[(2-meatocsaifeinil)meitil]eatanaimín

Cát (arb éard é duilleoga *Catha edulis* (*Celastraceae*))

Lisdeacsamfataimín

Loifeantainil

Meatcátíonón

2-(3-Meatocsaifeinil)-2-(eitiolaimíni)cioglaiheacsánón

1-(4-Meatocsaifeinil)-2-(meitiolaimínea)própán-1-ón

Meitiol (2*S*,4a*R*,6a*R*,7*R*,10a*S*,10b*R*)-9-aicéitiolocsa-2-(fúráin-3-il)-6a,10b-démheitil-410-dé-ocsa-2,4a,5,6,7,8,9,10a-ochtaihidri-1*H*-beins[*f*]iseacróiméin-7-carbocsaláit agus aon táirge, cibé acu nádúrtha nó eile, lena n-áirítear aon phlanda nó ábhar planda d'aon chineál nó tuairisc, a bhfuil aon chion den tsubstaint sin ann

2-Meitiolaimíni-1-(3,4-meitiléindé-ocsaifeiniol)bútán-1-ón

2-Meitiolaimíni-1-(3,4-meitiléindé-ocsaifeiniol)própán-1-ón

4-Meitiol-aimíniréis

(8-Meitiol-8-asaidéchiogl[3.2.1]ochtáin-3-il)-4-fluaraibeansóáit

Meitil 2-[[1-(cioglaiheicsilmeitil)iondól-3-carbóiniol]aimíni]-3,3-démheitiolbútánóáit

Meitil (*E*)-2-[(2*S*,3*S*,7a*S*,12b*S*)-3-eitil-7a-hiodrocsai-8-meatocsai-2,3,4,6,7,12b-heicsihidri-1*H*-iondóla[2,3-a]cuineoilisin-2-il]-3-meatocsapróip-2-éanóáit agus aon táirge, cibé acu nádúrtha nó eile, lena n-áirítear aon phlanda nó ábhar planda d'aon chineál nó tuairisc, a bhfuil aon chion den tsubstaint sin ann

Meitil (*E*)-2-[(2*S*,3*S*,12b*S*)-3-eitil-8-meatocsa-1,2,3,4,6,7,12,12b-ochtaihidriondóla[2,3-a]cuineoilisin-2-il]-3-meatocsapróip-2-éanóáit agus aon táirge, cibé acu nádúrtha nó eile, lena n-áirítear aon phlanda nó ábhar planda d'aon chineál nó tuairisc, a bhfuil aon chion den tsubstaint sin ann

4-meitil-5-(4-meitilfeinil)-4,5-déhiodr-1,3-ocsasól-2-aimín

α-Meitil-4-(meitiltia)feineitiolaimín

1-(4-Meitilfeinil)-2-meitiolaimíneaprópán-1-ón

Naibiolón

Óraipivín

Feinciclidín

1-Feinilcioglaiheicsiolaimín

4-(1-Feinilcioglaiheicsiol)morfóilín

1-Pipiridínicioglaiheacsáncarbainítríl

Cuineoilin-8-il 1-(5-fluaraipeintil)-1*H*-iondól-3-carbocsaláit

Reimifeantainil

Róiliclidín

Suifeantainil

Taipeinteadól

Teanaiciclidín

N-[1-(2-Teinil-4-pipiridiol]próipiananailíd

4-[1-(2-Tianail)cioglaiheicsiol]morfóilín

1-[1-(2-Tianail)cioglaiheicsil]piorólaidín

Tilidín.".

Cuid 2

LEASÚ AR MHÍR 1B DEN SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT UM MÍ-ÚSÁID DRUGAÍ, 1977

"(a) Alprasólam

Aimíneiptín

Aimíniréis

Amfataimínil

2-Beinsihidrilpipiridín

Brómaiseapam

Brótasólam

Búipreanoirfín

Bútáin-1,4-dé-ól

Bútorfanól

Camaiseapam

Cátíon

Clóirdhé-asapocsaíd

Clóbasam

Clónaiseapam

Aigéad clóraiseapach

Clóitiaiseapam

Clocsasólam

Délóraiseapam

Deistreaprópocsaiféin

Déiseapam

Dé-eitiolpróipian

Déhidreafúrán-2(3*H*)-ón

Eastasólam

Eatclórvanól

Eitíneamáit

N-Eitiolamfataimín

Eitil lóflaiseapáit

Feancamfaimín

Feineitillín

Feanprópairéis

Fluidéiseapam

Fluinítriseapam

Fluaraiseapam

Glúiteitimíd

Halaiseapam

Halocsasólam

Aigéad 4-Hiodrocsabútánóch

Céataimín

Céatasólam

Leifeataimín

Lóprasólam

Lóraiseapam

Meitiol-lóraiseapam

Maisiondól

Meaclocualón

Meadaiseapam

Meifeiniréis

Meapróbamáit

Méiseacarb

Meitipríolón

Míodasólam

Nalbúifín

Nimeataiseapam

Níotraiseapam

Nordaiseapam

Ocsaiseapam

Ocsasólam

Peamóilín

Peinteasóicín

Feanaiseapam

Feinteirmín

Pionaiseapam

Praiseapam

Próipilheicsidrín

Pireavailéarón

Seileigilín

Teamaiseapam

Teitriseapam

Trísólam

Saileaplón

Sipeapról

Sóilpidéim

Soipioclón.”.